An Coimisiún Pleanála

# Clár Oibre le haghaidh Éisteacht ó Bhéal agus Ord na nImeachtaí ABP-313442-22

| | |
|---|---|
| **Dáta** | Déardaoin, an 18 Meán Fómhair 2025, agus Dé hAoine, an 19 Meán Fómhair 2025 (más gá) |
| **Am Tosaithe** | 10am |
| **Láthair** | Glao Físchomhdhála |

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal seo a bhfuil clár oibre teoranta aici deis a thabhairt do na rannpháirtithe uile, ar mian leo déanamh amhlaidh, aighneachtaí atá de bhreis ar na haighneachtaí scríofa uathu a dhéanamh agus deis a thabhairt don chigire soiléiriú a lorg ar aon saincheisteanna iomchuí a bheidh tagtha chun cinn agus ar aon aighneachtaí a bheidh déanta. Beidh deis ag na rannpháirtithe ceisteanna a chur agus soiléiriú a lorg ar na haighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht freisin.

Ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Níl aon oibleagáid ar aon rannpháirtí aighneacht a dhéanamh chuig an éisteacht ó bhéal a bhfuil clár oibre teoranta aici ná ceisteanna a chur ar na rannpháirtithe eile. Déanfaidh an cigire agus an Bord breithniú ar na haighneachtaí scríofa uile a bheidh faighte cheana féin. Ar an gcúis sin, níor cheart aon aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn roimhe seo a dhéanamh arís ag an éisteacht ó bhéal.
- Má tá sé beartaithe agat cóipeanna scríofa a sholáthar de do láithreoireachtaí, ní fhéadfar glacadh leo sin ach amháin i gcás go mbeidh cóipeanna ar fáil do na rannpháirtithe uile ag an éisteacht. Ba cheart dhá chóip d’aon doiciméid scríofa a chur isteach le haghaidh chomhad an Bhoird freisin.
- Tá an clár oibre, an t-ord láithrithe agus an t-amchlár don éisteacht ó bhéal leagtha amach thíos. Ba cheart do na rannpháirtithe a thabhairt faoi deara gur amchlár táscach é an t-amchlár seo agus gur féidir go dtiocfaidh athruithe air le linn na héisteachta ó bhéal.

- Ar chríochnú na héisteachta ó bhéal a bhfuil clár oibre teoranta aici, ullmhóidh an cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Bhord. Is é an Bord a dhéanfaidh an cinneadh chun cead a dheonú nó a dhiúltú.

**Clár Oibre**

San aighneacht uaidh nó uaithi chuig an éisteacht ó bhéal a bhfuil clár oibre teoranta aici, iarrtar ar an iarratasóir aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sonracha seo a leanas agus orthu sin amháin:

1. Soiléire maidir le stádas criosaithe reatha an láithreáin is ábhar don iarratas.
2. Na forálacha iomchuí de Phlean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2023-2029, agus aird ar leith á tabhairt ar an 'gCroí-Straitéis' agus ar Thábla A, ina léirítear Sprioc Tithíochta don tréimhse 2016-2031 (lúide na haonaid a críochnaíodh sa tréimhse 2017-2020) de 4897 n-aonad do Bhré agus acmhainn forbartha de 2,000 aonad ar thalamh criosaithe láithreach laistigh de limistéir faoi fhoirgnimh.
3. Na Prionsabail Chriosaithe atá i bPlean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2023-2029, go háirithe na prionsabail um dhlúthfhás, um fhorbairt sheicheamhach agus um chéimniú i ndáil le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar fhorbairtí úsáide measctha dá bhfuil tithíocht ina comhpháirt shuntasach, roimh ghlacadh pleananna nua limistéir áitiúil.
4. Na forálacha iomchuí den Chreat Náisiúnta Pleanála, an Chéad Athbhreithniú, Aibreán 2025, agus aird ar leith á tabhairt ar Chuspóir Beartais Náisiúnta 11 ina luaitear mar a leanas: '*Cinnfear fás pleanáilte ag leibhéal na lonnaíochta ag an gcéim ina ndéantar plean forbartha agus tabharfar aghaidh air laistigh de chuspóirí an phlean. Agus tograí forbartha ar leith á mbreithniú ar thalamh forbartha criosaithe agus seirbhísithe atá faoi réir próisis toilithe faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, tabharfar aird ar shraith breithnithe níos leithne thar na spriocanna lena n-áirítear acmhainneacht glactha an chomhshaoil go háirithe'.*

**Ord na nImeachtaí**

| Déardaoin, an 18 Meán Fómhair 2025 | |
|---|---|
| **Am** | **Topaic** |
| 10.00 | • Oscailt na héisteachta ó bhéal a bhfuil clár oibre teoranta aici |
| | • Iarratasóir<br>  ○ Achoimre ar an bhforbairt bheartaithe (deich nóiméad ar a mhéad)<br>  ○ Freagra ar na saincheisteanna atá tarraingthe anuas ar an gclár oibre teoranta |
| **11.15-11.30** | **Sos** |
| 11.30 | • Údarás Pleanála – Pointí le tarraingt anuas ar nithe atá ar an gclár oibre teoranta |
| | • Breathnóirí – Pointí le tarraingt anuas ar nithe atá ar an gclár oibre teoranta |
| **13.00-14.00** | **Sos** |
| 14.00 | • Ceisteanna idir na páirtithe |
| | • Barúlacha deiridh san ord seo a leanas:<br>  ○ Breathnóirí<br>  ○ Údarás Pleanála<br>  ○ Iarratasóir |
| | • Dúnadh na héisteachta ó bhéal a bhfuil clár oibre teoranta aici |

**Tabhair faoi deara go bhfadófar an éisteacht ó bhéal seo a bhfuil clár oibre teoranta aici go dtí an Aoine, an 19 Meán Fómhair 2025, más gá.**

Meabhraítear do na páirtithe san iarratas go bhfuil an éisteacht deartha chun gur féidir aon mhionsonraí breise is gá a thabhairt ar shaincheisteanna iomchuí a bhaineann leis na nithe atá leagtha amach sa chlár oibre teoranta agus chun gur féidir aon phlé agus aon scrúdú breise is gá a dhéanamh ar na saincheisteanna sin. Meabhraítear dóibh freisin nach gceadófar aon phlé ar aon saincheisteanna eile nach bhfuil ar an gclár oibre. Ba cheart aighneachtaí a bheith gonta, agus ba cheart na nithe iomchuí

atá leagtha amach thuas, agus na nithe sin **amháin**, a phlé iontu. I gcás go ndéanfar tagairt do léarscáileanna/léaráidí/íomhánna in aighneachtaí, ba cheart iad sin a bheith ar fáil lena gcur ar taispeáint agus ba cheart iad a bheith mór go leor chun a bheith inléite ag gach duine ag an Éisteacht.

Tar éis d'aon pháirtí ar leith aighneacht a chríochnú ar na nithe ar leith atá leagtha amach sa chlár oibre, féadfaidh an Cigire ceisteanna iomchuí agus croscheistiú iomchuí a éascú.

Más rogha leis nó léi déanamh amhlaidh, féadfaidh an Cigire plé a stiúradh ar nithe eile a bhaineann go díreach le nithe atá ar an gclár oibre, amhail cé chomh cuí agus atá sé plé leis na nithe atá ag teacht chun cinn, i gcás go mbeidh sé beartaithe ag an mBord cead pleanála a dheonú don fhorbairt bheartaithe.

Más rogha leis nó léi déanamh amhlaidh, féadfaidh an Cigire ráitis deiridh a iarraidh. Is san ord seo a leanas a iarrfar iad, más gá. Tabharfaidh na páirtithe faoi deara nach bhféadfar aon argóintí dlíthiúla, aon ábhar nua ná aon saincheisteanna eile seachas iad sin a bhaineann leis an gclár oibre teoranta a thabhairt ar aird ná tagairt a dhéanamh dóibh ag an am seo agus gur cheart aon ráiteas a theorannú do chúig nóiméad.

1. Breathnóirí

2. Údarás Pleanála

3. Iarratasóir

NÓTA: Iarrtar ar na rannpháirtithe dóthain cóipeanna d'aon doiciméid scríofa a chuirfear isteach ag an éisteacht a chur ar fáil do gach páirtí (dhá chóip ar a laghad do gach páirtí agus trí chóip ar a laghad don Choimisiún).

Tabhair faoi deara freisin go ndéanfar taifeadadh digiteach den fhianaise a thabharfar ag an éisteacht.

---

Colin McBride
An Chigireacht
01 Lúnasa 2025